Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2145(DEC)

5.12.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún (2025/2145(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Evin Incir

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú go bhfuil cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann (an Comhshocrú) ina bhunchloch don chóras nua bainistithe imirce agus tearmainn san Aontas, a bheidh i bhfeidhm sna Ballstáit uile i lár 2026; á thabhairt chun suntais go bhfuil an tosaíocht pholaitiúil is airde aici chun beartas inchreidte de chuid an Aontais a áirithiú sa réimse sin agus chun freagairt do na gealltanais a tugadh do na saoránaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, infhaighteacht leordhóthanach foirne a áirithiú chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme, lena n-áirítear foireann iomchuí chun tacú leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh gach gné den Chomhshocrú a chur chun feidhme; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart don Choimisiún díriú air sin amháin maidir le réimse an tearmainn agus na himirce agus nár cheart na hacmhainní daonna agus am oibre a chur amú maidir le hathbhreithnithe místuama ar an gComhshocrú chomh gar dá theacht i bhfeidhm; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá faireachán agus forfheidhmiú comhsheasmhach agus éifeachtach i réimse an bhainistithe imirce agus tearmainn ar fud na mBallstát uile; á chur i bhfios go láidir go dtugann cur chun feidhme an Chomhshocraithe deis cur i bhfeidhm comhleanúnach dhlí an Aontais a neartú, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha; ag cur béim ar an bhfíoras go n-éilítear ní hamháin trasuí dlíthiúil chun an Comhshocrú a chur chun feidhme go rathúil ach freisin comhar praiticiúil leis na Ballstáit maidir le filleadh, bainistiú teorainneacha, agus comhaontuithe um athligean isteach le tríú tíortha;

2. á mheabhrú go bhfuil sí tiomanta do phrionsabail an cheaptha beartais atá fianaise-bhunaithe agus trédhearcach; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, nach ann do mheasúnuithe tionchair le haghaidh roinnt tograí reachtacha lena dtugtar isteach leasuithe suntasacha sistéamacha ar chreat dlíthiúil an Aontais maidir le bainistiú imirce agus tearmainn; ag tabhairt dá haire nár cuireadh ar fáil go poiblí Bileoga Eolais EUAA a bhí mar bhonn dá thogra liosta coiteann de thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a chruthú;

3. á chur in iúl gur geal léi an Plean Cur Chun Feidhme Coiteann don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann mar a tíolacadh an 12 Meitheamh 2024 é; á mheabhrú, ag an am céanna, don Choimisiún go bhfuil ról mar chomhreachtóir ag an bParlaimint sa phróiseas sin; agus á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain iomlán a thabhairt don Pharlaimint ar na pleananna náisiúnta cur chun feidhme, ar phleananna teagmhasacha náisiúnta agus ar straitéisí náisiúnta na mBallstát chun formhaoirseacht éifeachtach ar an bpróiseas cur chun feidhme a áirithiú; á mheabhrú, thairis sin, nuair a phléann an Coimisiún ábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhshocraithe leis na Ballstáit sa Chomhairle, gur cheart dó – i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis – doiciméid ábhartha a chomhroinnt leis an bParlaimint;

4. á chur in iúl, cé gur díol sásaimh di an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le cistí AMIF agus ISF a ionsú, gur cúis bhuartha di an easpa sonraí poiblí mionsonraithe

maidir le caiteachas náisiúnta agus á iarraidh go gcruthófaí tairseach trédhearcachta aonair ar líne ar leibhéal an Aontais do chistí gnóthaí baile; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, go bhfuil sé deacair sonraí mionsonraithe agus cuimsitheacha maidir le caiteachas a fháil, go háirithe agus é faoi bhainistiú comhroinnte ag na Ballstáit, rud a chuireann bac ar fhormhaoirseacht fhónta ag an Údarás Buiséadach; á chur in iúl gur geal léi an méadú a cuireadh ar fáil sa bhuiséad bliantúil don bhliain 2025 ar bhainistiú teorainneacha agus ar chistiú leordhóthanach a áirithiú chun an Comhshocrú a chur chun feidhme ina iomláine agus ag moladh go láidir go leanfaí den chur chuige sin an bhliain dár gcionn;

5. á chur i bhfáth gur gá cistiú leormhaith agus tráthúil ón Aontas a áirithiú do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí an Aontais chun cur chun feidhme rianúil dhlí an Aontais i réimsí an tearmainn agus na himirce a éascú; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn tráthúil na gcéimeanna riaracháin, oibríochtúla agus dlíthiúla a éilíonn na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais chun an Comhshocrú a chur chun feidhme go hiomlán faoi Shamhradh 2026 agus chun cabhrú leis an dul chun cinn sin;

6. ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú ar líon na n-imirceach a tháinig isteach san Aontas go neamhrialta in 2024 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin; ag aithint na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún idirchaidreamh a dhéanamh le tríú tíortha atá i gcomharsanacht an Aontais d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta ag an bhfoinse agus chun náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach a lánpháirtiú go rathúil; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le formhaoirseacht chúramach agus dícheall cuí agus cistí á leithdháileadh ar chomhpháirtithe a bhfuil baint acu le bainistiú imirce lasmuigh den Aontas, chun ailíniú le caighdeáin an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha; ag tathant ar an gCoimisiún trédhearcacht agus cuntasacht a threisiú i gclársceidealú agus i gcur chun feidhme chistí gnóthaí baile an Aontais i dtríú tíortha; á iarraidh go mbunófaí sásra faireacháin trédhearcach agus neamhspleách ar chearta an duine maidir le cistí gnóthaí baile an Aontais i dtríú tíortha; á chur in iúl gur geal léi iarracht an Choimisiúin feabhas a chur ar dhlúthpháirtíocht agus ar chomhroinnt freagrachta idir na Ballstáit, go háirithe i leith na mBallstát sin is mó a ndéanann dúshláin imirce agus tearmainn difear dóibh; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún tacú le gníomhaireachtaí an Aontais agus leis na Ballstáit oibríochtaí éifeachtacha cuardaigh agus tarrthála sa Mheánmhuir a chomhordú, rud lena n-áiritheofar go ndéanfar na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le dlí an Aontais;

7. á chur in iúl gur geal léi faireachán leanúnach an Choimisiúin ar thagarmharcanna an smachta reachta tríd an mbosca uirlisí maidir leis an smacht reachta, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta, ina sonraítear ina caibidlí saincheisteanna aonair agus sistéamacha maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit aonair agus lena lamháiltear anailís chuimsitheach a dhéanamh ar an staid agus ar a héabhlóid i ngach Ballstát, agus áiríodh inti in 2024 ceithre thír de chuid an mhéadaithe den chéad uair; á chur in iúl gur cúis bhuartha di i gcónaí go bhféadfadh an baol a bheith ann go ndéanfaí beag is fiú de chuid de na sáruithe is tromchúisí ar an smacht reachta, sa tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta, trí thuin róthaidhleoireachta a ghlacadh agus gan idirdhealú soiléir a dhéanamh idir fadhbanna aonair agus sistéamacha; ag tathant ar an gCoimisiún oibriú i dtreo moltaí na Parlaiminte a chur chun feidhme go hiomlán maidir

le sásra an Aontais don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta bunúsacha a chruthú, mar a leagtar amach i rún uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2016[1], agus a áirithiú go mbeidh measúnuithe ar thagarmharcanna an smachta reachta níos cruinne agus níos cáilíochtúla, ag tarraingt ní hamháin ar leasuithe reachtacha ach freisin ar fhianaise nithiúil agus neamhspleách ar a gcur i bhfeidhm praiticiúil; á chur béim ar an bhfíoras, cé go bhfuil an bosca uirlisí atá ar fáil don Aontas leathnaithe go suntasach, go mbraitheann a éifeachtacht ar chur i bhfeidhm comhleanúnach agus comhsheasmhach ar fud na n-institiúidí uile; á iarraidh go ndíreofaí níos mó ar mholtaí tírshonracha a chur chun feidhme, le hamlínte agus tagarmharcanna intomhaiste; á iarraidh ar an gCoimisiún na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás neamhchomhlíonta a mhionsonrú, lena n-áirítear trí thagairt a dhéanamh d'ionstraimí sonracha, lena n-áirítear uirlisí buiséadacha agus coinníollacht chistiúcháin; ag athdhearbhú a seasaimh gur cheart raon feidhme iomlán luachanna Airteagal 2 CAE a chumhdach sa tuarascáil, toisc nach féidir iad sin a mheas ina n-aonar; á chur i bhfáth gur gá Seimeastar Eorpach maidir leis an Smacht Reachta a bhunú, ina mbeidh struchtúr soiléir ina mbeidh garspriocanna seasta agus rannchuidithe gníomhacha ó institiúidí uile an Aontais; á chur i bhfios go láidir nach mór an timthriall bliantúil sin a bheith bunaithe ar tháscairí daingne oibiachtúla agus a shoiléiriú nach mbíonn sáruithe ar an smacht reachta riamh ina sáruithe fánacha, agus gur cheart go mbeadh bearta atá ar aon dul leis na bearta a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat an tSeimeastair Eorpaigh mar thoradh ar aon mhainneachtain;

8. á chur in iúl gur oth léi an cinneadh ón gCoimisiún inar thángthas ar an gconclúid gur comhlíonadh, san Ungáir, coinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte i ndáil le neamhspleáchas breithiúnach, rud a chuir ar chumas údaráis na hUngáire tús a chur le haisíocaíochtaí suas le EUR 10,2 billiún a éileamh ó chistí an Aontais; á athdhearbhú go bhfuil an cinneadh ón gCoimisiún neamhdhleathach, mar a líomhnaítear i gcaingean na Parlaiminte atá ar feitheamh i gcoinne an Choimisiúin i gCás C-225/24; á iarraidh ar an gCoimisiún seasamh go docht le prionsabal na coinníollachta agus a áirithiú nach scaoilfear aon chistí de chuid an Aontais i gcás ina bhfuil sáruithe sistéamacha ar neamhspleáchas breithiúnach nó ar an smacht reachta fós ann;

9. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na moilleanna ar nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le rochtain ar dhoiciméid a dheonú; á mheabhrú don Choimisiún aghaidh a thabhairt go pras ar na heasnaimh sin, i gcomhréir leis na moltaí ón bParlaimint a cuireadh in iúl i rún uaithi an 13 Iúil 2023[2];

10. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di nár thíolaic an Coimisiún fós bearta forfheidhmiúcháin agus obair leantach reachtach ar mholtaí na Parlaiminte maidir le húsáid Pegasus agus earraí spiaireachta coibhéiseacha; á mheabhrú don Choimisiún prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a urramú agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chreat-Chomhaontú agus sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a chomhlíonadh, agus plean gníomhaíochta a thíolacadh, gan

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2016 maille le moltaí don Choimisiún maidir le sásra AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú (2015/2254(INL)) (IO C 215, 19.6.2018, lch. 162.)

[2] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Iúil 2023 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid – tuarascáil bhliantúil do na blianta 2019-2021 (2022/2015(INI)) (IO C …, 17.7.2024) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0295_GA.html

moill mhíchuí, chun mí-úsáid earraí spiaireachta san Aontas a chosc, agus leas iomlán á bhaint as na modhanna reachtacha agus neamhreachtacha uile dá bhforáiltear sna Conarthaí.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[3], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Transparency International EU / EU Transparency : 501222919-71
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[3] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH
AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	3.12.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 46 –: 25 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Pernando Barrena Arza, Nikola Bartůšek, François-Xavier Bellamy, Ioan-Rareş Bogdan, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Damien Carême, Susanna Ceccardi, Caterina Chinnici, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Alessandro Ciriani, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Estrella Galán, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Paolo Inselvini, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Mariusz Kamiński, Fabienne Keller, Mary Khan, Alice Kuhnke, Murielle Laurent, Fabrice Leggeri, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Verena Mertens, Nadine Morano, Matjaž Nemec, Ana Miguel Pedro, Ilaria Salis, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Kristian Vigenin, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Isabel Wiseler-Lima, Ewa Zajączkowska-Hernik, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Katarina Barley, Anna Maria Cisint, Markéta Gregorová, Monika Hohlmeier, Nikola Minchev, Javier Moreno Sánchez, Jan-Christoph Oetjen, Leoluca Orlando, Oliver Schenk, Sebastian Tynkkynen, Alexandre Varaut, Maciej Wąsik
Feisirí dá dtagraítear i Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Stefano Cavedagna, José Cepeda, Pietro Fiocchi, Andrey Kovatchev, Marcos Ros Sempere, Michał Szczerba, Catarina Vieira

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

46	+
PPE	Magdalena Adamowicz, François-Xavier Bellamy, Ioan-Rareş Bogdan, Caterina Chinnici, Lena Düpont, Monika Hohlmeier, Andrey Kovatchev, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Verena Mertens, Ana Miguel Pedro, Oliver Schenk, Michał Szczerba, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Nikola Minchev, Jan-Christoph Oetjen
S&D	Katarina Barley, José Cepeda, Marina Kaljurand, Murielle Laurent, Ana Catarina Mendes, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Marcos Ros Sempere, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Kristian Vigenin, Alessandro Zan
Verts/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Alice Kuhnke, Leoluca Orlando, Catarina Vieira

25	-
ECR	Stefano Cavedagna, Alessandro Ciriani, Pietro Fiocchi, Paolo Inselvini, Mariusz Kamiński, Sebastian Tynkkynen, Maciej Wąsik
ESN	Mary Khan, Milan Uhrík, Ewa Zajączkowska-Hernik
NI	Erik Kaliňák
PfE	Nikola Bartůšek, Jaroslav Bžoch, Susanna Ceccardi, Anna Maria Cisint, Marieke Ehlers, Fabrice Leggeri, Petra Steger, Tom Vandendriessche, Alexandre Varaut
The Left	Giuseppe Antoci, Pernando Barrena Arza, Damien Carême, Estrella Galán, Ilaria Salis

1	0
PPE	Nadine Morano

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh